Aonad 7

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

# Custaim

## Bileog Oibre: Earraí a cheannach ar líne le haghaidh úsáid phearsanta

**Freagraí**



An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

I ngach ceann de na gníomhaíochtaí seo thíos, glac leis gur tomhaltóir aonair thú in Éirinn atá ag ceannach an táirge.

## Táirge 1



| | |
|---|---|
| **Tír ónar tháinig an táirge** | An tSín |
| **Ar líne nó suíomh miondíoltóra** | An Ríocht Aontaithe |
| **Suíomh seachadta** | Éire |
| **Costas** | €199.99 |

| | |
|---|---|
| **An bhfuil CBL i bhfeidhm?** Mínigh an chúis atá le do fhreagra. | **Tá** – Tá CBL dlite ar gach earra a thagann isteach san AE, is cuma an luach atá orthu. Ós rud é go bhfuil na bróga reatha seo ag teacht isteach go hÉirinn (AE) ón Ríocht Aontaithe (lasmuigh den AE), tá CBL dlite. |
| **An bhfuil Dleacht Chustam i bhfeidhm?** Mínigh an chúis atá le do fhreagra. | **Tá** – Tá luach intreach na n-earraí níos mó ná €150. Tá na hearraí ag teacht isteach go hÉirinn (AE) ón Ríocht Aontaithe (lasmuigh den AE), tá na bróga reatha faoi réir Dleacht Chustam. |

## Táirge 2



| | |
|---|---|
| **Tír ónar tháinig an táirge** | Stáit Aontaithe Mheiriceá |
| **Ar líne nó suíomh miondíoltóra** | An Ghearmáin |
| **Suíomh seachadta** | Éire |
| **Costas** | €295 |

| | |
|---|---|
| **An bhfuil CBL i bhfeidhm?** Mínigh an chúis atá le do fhreagra. | **Tá** – Tá CBL dlite ar gach earra a thagann isteach san AE, is cuma an luach atá orthu. Cuireann an gnólacht Gearmánach ráta CBL na hÉireann i bhfeidhm ar an táirge agus é ag seachadadh chuig seoladh in Éirinn. Dá mbeadh gnólacht Éireannach ag díol le duine príobháideach sa Ghearmáin, chuirfeadh sé ráta CBL na Gearmáine i bhfeidhm. |
| **An bhfuil Dleacht Chustam i bhfeidhm?** Mínigh an chúis atá le do fhreagra. | **Níl** – Díolann gnólacht Gearmánach (AE) an táirge le duine príobháideach in Éirinn (AE). Seans gur íoc an gnólacht Gearmánach Dleacht Chustam nuair a d'iompórtáil sé an táirge isteach san AE ó SAM (lasmuigh den AE). |

## Táirge 3



| | |
|---|---|
| **Tír ónar tháinig an táirge** | An Iodáil |
| **Ar líne nó suíomh miondíoltóra** | An Ríocht Aontaithe |
| **Suíomh seachadta** | Éire |
| **Costas** | €445 |

| | |
|---|---|
| **An bhfuil CBL i bhfeidhm?** Mínigh an chúis atá le do fhreagra. | **Tá** – Tá CBL dlite ar gach earra a thagann isteach san AE, is cuma an luach atá orthu. Ós rud é go bhfuil an meascthóir bia ag teacht isteach go hÉirinn ón Ríocht Aontaithe (lasmuigh den AE), tá CBL dlite. |
| **An bhfuil Dleacht Chustam i bhfeidhm?** Mínigh an chúis atá le do fhreagra. | **Tá** – Tá luach intreach na n-earraí níos mó ná €150, agus tá na hearraí ag teacht isteach go hÉirinn (AE) ón Ríocht Aontaithe (lasmuigh den AE). Dá bhrí sin, tá an meascthóir bia faoi réir Dleacht Chustam.<br>• Cé go ndearnadh an táirge san AE, tá Dleacht Chustam fós i bhfeidhm.<br>• Le comhaontú comhoibrithe trádála idir an AE agus an Ríocht Aontaithe, ní cheadaítear trádáil saor ó tharaifí ach amháin d'earraí a thagann isteach san AE agus a dhéantar sa Ríocht Aontaithe nó a mhalairt. |

## Táirge 4



| | |
|---|---|
| **Tír ónar tháinig an táirge** | An tSeapáin |
| **Ar líne nó suíomh miondíoltóra** | An tSín |
| **Suíomh seachadta** | Éire |
| **Costas** | €949 |

| | |
|---|---|
| **An bhfuil CBL i bhfeidhm?** Mínigh an chúis atá le do fhreagra. | **Tá** – Tá CBL dlite ar gach earra a thagann isteach san AE, is cuma an luach atá orthu. Ós rud é go bhfuil an ceamara ag teacht isteach go hÉirinn (AE) ón tSín (taobh amuigh den AE), tá CBL dlite. |
| **An bhfuil Dleacht Chustam i bhfeidhm?** Mínigh an chúis atá le do fhreagra. | **Tá** – Tá luach intreach na n-earraí níos mó ná €150, agus tá na hearraí ag teacht isteach go hÉirinn (AE) ón tSín (lasmuigh den AE), tá an ceamara faoi réir Dleacht Chustam. |

# Táirge 5



| | |
|---|---|
| **Tír ónar tháinig an táirge** | An Fhrainc |
| **Ar líne nó suíomh miondíoltóra** | An Iodáil |
| **Suíomh seachadta** | Éire |
| **Costas** | €192 |

| | |
|---|---|
| **An bhfuil CBL i bhfeidhm?** Mínigh an chúis atá le do fhreagra. | **Tá** – Beidh CBL dlite ar gach earra a thagann isteach san AE, is cuma an luach atá acu. Cuireann an gnólacht Iodálach ráta CBL na hÉireann i bhfeidhm ar an táirge agus é ag seachadadh chuig seoladh in Éirinn. |
| **An bhfuil Dleacht Chustam i bhfeidhm?** Mínigh an chúis atá le do fhreagra. | **Níl** – Díolann gnólacht Iodálach (AE) an táirge le duine príobháideach in Éirinn (AE). Dá bhrí sin, ní chuirtear Dleacht Chustam i bhfeidhm. |

# Táirge 6




| | |
|---|---|
| **Tír ónar tháinig an táirge** | An tSín |
| **Ar líne nó suíomh miondíoltóra** | An Ríocht Aontaithe |
| **Suíomh seachadta** | Éire |
| **Costas** | €30 |

| | |
|---|---|
| **An bhfuil CBL i bhfeidhm?** Mínigh an chúis atá le do fhreagra. | **Tá** – Tá CBL dlite ar gach earra a thagann isteach san AE, is cuma an luach atá orthu. Ós rud é go bhfuil an t-uaireadóir ag teacht isteach go hÉirinn (AE) ón tSín (lasmuigh den AE), tá CBL dlite. |
| **An bhfuil Dleacht Chustam i bhfeidhm?** Mínigh an chúis atá le do fhreagra. | **Níl** – Tá luach intreach an uaireadóra níos lú ná €150, agus dá bhrí sin níl sé faoi réir Dleacht Chustam. |